Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026
(OR. en)

6639/26

LIMITE

CLIMA 84
ENV 160
TRANS 96
MI 173
CODEC 308

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0420(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE<br>- Díospóireacht bheartais |

I bhfianaise na Comhairle (Comhshaol) an 17 Márta 2026, tá páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hAirí maidir leis an togra san Iarscríbhinn.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra a thabhairt dá n-aire agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE**

**- Díospóireacht bheartais -**

*- Páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hAirí -*

PUBLIC

An 16 Nollaig 2025, thíolaic an Coimisiún togra chun leasú a dhéanamh ar an rialachán maidir le caighdeáin feidhmíochta CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus veaineanna nua. Ionchorpraítear sa togra freisin rialacha maidir le lipéadú feithiclí. Tá an togra mar chuid den phacáiste gluaisteáin darb aidhm tacú le hiarrachtaí na hearnála san aistriú chuig an tsoghluaisteacht ghlan. Tá trí thionscnamh reachtacha eile sa phacáiste freisin (ceann amháin maidir leis an simpliú — eadhon 'omnibus na ngluaisteán', ceann eile maidir le flíteanna corparáideacha a ghlasú agus an tríú ceann maidir le leasú spriocdhírithe ar chaighdeáin $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair) agus teachtaireacht maidir leis an 'Straitéis Treisithe Ceallraí'.

Tagann an togra sna sála ar Phlean Gníomhaíochta na nGluaisteán a foilsíodh i mí an Mhárta 2025 agus ar an idirphlé straitéiseach a rinneadh leis an tionscal agus leis na príomhpháirtithe leasmhara san earnáil a seoladh i mí Eanáir 2025.

In éineacht leis na tionscnaimh eile a bhaineann leis an earnáil gluaisteán, is é is aidhm don togra rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin is mó atá roimh iomaíochas na hearnála i dtimpeallacht ina bhfuil forbairtí tapa teicneolaíochta agus iomaíocht mhéadaitheach ag teacht chun cinn, agus cloí le conair an dícharbónaithe ag an am céanna. De réir measúnú a rinne an Coimisiún, tá sé ríthábhachtach go mbeidh tionscal an Aontais ar thús cadhnaíochta athuair a mhéid a bhaineann le feithiclí astaíochtaí nialasacha ar mhaithe le hiomaíochas na hearnála gluaisteán. I ndáil leis sin, is fíor-riachtanach iad forálacha maidir le caighdeáin $CO_2$ chun cinnteacht agus intuarthacht fhadtéarmach a áirithiú d'infheisteoirí feadh a slabhra luacha. Cé go bhfuil an t-aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha ag dul in airde (sciar 17.4 % d'fheithiclí ceallra-leictreacha san Aontas in 2025[1]), tá an t-imscaradh fós míchothrom idir na Ballstáit.

1 An Coimisiún Eorpach: an Faireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha

PUBLIC

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an earnáil gluaisteán, measann an Coimisiún go bhféadfaí cur chuige níos pragmataí a cheapadh do chaighdeáin $CO_2$ i gcaoi is nach n-athrófaí an treo foriomlán go dtí feithiclí astaíochtaí nialasacha. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra an chothromaíocht a bhaint amach idir níos mó solúbthachta agus roghanna teicneolaíochta a chur ar fáil do mhonaróirí le gur féidir leo a spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh an earnáil ar an gconair ceart i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha.

Tá an togra lonnaithe freisin i gcomhthéacs foriomlán an chreata iar-2030 chun sprioc aeráide 2040 maidir le laghdú 90 %, a glacadh le déanaí agus arb é is aidhm di an tAontas a chur ar an mbealach i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050, a chur chun feidhme. Is iad gluaisteáin agus veaineanna a ghineann thart ar 20 % d'astaíochtaí $CO_2$ iomlána an Aontais.

**An staid reatha sa Chomhairle**

Pléadh an leasú atá beartaithe ar an rialachán maidir leis na caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus veaineanna nua ag roinnt cruinnithe den Mheitheal um an gComhshaol, inar tugadh chun críche an chéad léamh iomlán ar an togra. Tá an togra á scrúdú i gcónaí, agus tá grinnscrúdú á dhéanamh ag Ballstát áirithe air go fóill. Mar sin féin, is léir ó na réamhbharúlacha nach lia duine ná tuairim faoin togra, a mhéid a bhaineann leis na spriocanna atá beartaithe, go háirithe spriocanna 2035, agus a mhéid a bhaineann an moladh i ndáil le solúbthachtaí nua a thabhairt isteach.

**Na hábhair a phléifear**

Le treoir a chur ar fáil i dtaobh an togra a scrúdú a thuilleadh, molann an Uachtaránacht go dtabharfadh na hAirí aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas.

**Spriocanna laghdaithe astaíochtaí 2030 agus 2035**

Is éard a mholann an Coimisiún sprioc 2030 maidir le laghdú astaíochtaí sceithphíopa do veaineanna a laghdú ó 50 % go 40 % i bhfianaise na ndúshlán ar leith atá roimh mhonaróirí veaineanna de dheasca bacainní a bhaineann le veaineanna astaíochtaí nialasacha a chur chun úsáide.

I gcás gluaisteán, tá sprioc 2030 maidir le laghdú 55 % fós i bhfeidhm.

A mhéid a bhaineann le spriocanna 2035 le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, is éard atá i gceist leis an togra na spriocanna maidir le hastaíochtaí sceithphíopa a laghdú ó 100 % go 90 % i gcomparáid le sprioc 2021 le haghaidh fhlít uile an Aontais chun go mbeidh monaróirí in ann a spriocanna a bhaint amach le raon níos leithne roghanna teicneolaíochta agus, ar an gcaoi sin, tacú le cur chuige atá níos neodraí ó thaobh na teicneolaíochta de. Mar sin féin, beidh ar mhonaróirí na hastaíochtaí atá fágtha acu a chúiteamh suas le 10 %, trí chreidmheasanna breosla in-athnuaite inbhuanaithe agus/nó creidmheasanna cruach ísealcharbóin a úsáid, agus cuspóir na haeráidneodrachta a choinneáil ar bun dá réir sin.

**Solúbthachtaí nua i bhfoirm creidmheasanna chun na spriocanna a bhaint amach**

Moltar trí chineál nua creidmheasa:

1. Go dtí 2034, sár-chreidmheasanna do ghluaisteáin bheaga astaíochtaí nialasacha 'déanta san Aontas'
2. Ó 2035 ar aghaidh, creidmheasanna breosla in-athnuaite inbhuanaithe
3. Ó 2035 ar aghaidh, creidmheasanna cruach ísealcharbóin 'déanta san Aontas'.

Is é is aidhm do na **sárchreidmheasanna** do ghluaisteáin bheaga astaíochtaí nialasacha forbairt mórmhargaidh a dhreasú do ghluaisteáin leictreacha bheaga inacmhainne arna ndéanamh san Aontas. Áireofar aon fheithicil bheag leictreach amháin arna monarú mar 1,3 feithicil. Déanfar an téarma 'gluaisteán beag astaíochtaí nialasacha' a shainmhíniú sa leasú atá beartaithe ar an Rialachán maidir le Cineálcheadú mar chuid d'omnibus na ngluaisteán.



PUBLIC

Leis na **creidmheasanna breosla in-athnuaite inbhuanaithe agus na creidmheasanna cruach ísealcharbóin**, cuirfear níos mó roghanna comhlíontachta ar fáil do mhonaróirí seachas cur chuige na n-astaíochtaí sceithphíopa agus cuirfear feabhas ar an neodracht theicneolaíoch. Mar sin féin, *inter alia*, chun a áirithiú go leanfar d'infheistíochtaí leordhóthanacha sna feithiclí astaíochtaí nialasacha, moltar uasteorainn 10 % de sprioc 2021 le haghaidh fhlít uile an Aontais a chur leis an tsolúbthacht sin.

Ní bhaineann na **creidmheasanna breosla in-athnuaite inbhuanaithe** go sonrach le monaróirí; is amhlaidh a chuirfidh siad ar chumas na monaróirí suas le 3 % de sprioc 2021 le haghaidh fhlít uile an Aontais a chúiteamh, ag brath ar infhaighteacht na mbreoslaí sin ar an margadh. Laistigh den 3 %, tugtar isteach fo-uasteorainn 1 % ar a mhéad le haghaidh cúitimh ó chineálacha áirithe bithbhreoslaí agus bithgháis ó bhunábhair áirithe. Tacóidh na creidmheasanna breosla le hinfheistíochtaí i bhforbairt shlabhra luacha na mbreoslaí in-athnuaite inbhuanaithe agus beidh ról ag na breoslaí sin de ról i ndícharbónú an iompair i gcónaí, go háirithe i ndícharbónú an fhlít darb ann cheana.

Is é is aidhm do na **creidmheasanna cruach ísealcharbóin** atá beartaithe úsáid na cruach ísealcharbóin arna déanamh san Aontas i dtáirgeadh feithiclí a dhreasú agus margadh tosaigh a chruthú sa réimse sin. Leis na creidmheasanna sin, beidh ar chumas na monaróirí suas le 7 % de sprioc 2021 le haghaidh fhlít uile an Aontais a chúiteamh.

I gcás gach ceann de na trí sholúbthacht, is éard a mholann an Coimisiún comhthiomsú a theorannú chun críche comhlíontachta do chomhthiomsuithe, i gcás gur chuid den grúpa céanna monaróirí nasctha iad na monaróirí uile sa chomhthiomsú, agus sa chás sin amháin.

**Ceisteanna ar na hAirí**

*Iarrann an Uachtaránacht ar na hAirí a marana a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:*

1. *Molann an Coimisiún go n-ísleofaí spriocanna 2035 go 90 % agus go dtabharfaí isteach sásraí creidmheasa do bhreoslaí inbhuanaithe agus cruach ísealcharbóin arna ndéanamh san Aontas chun na hastaíochtaí atá fágtha a chúiteamh. Cad é do mheas ar an gcreat leasaithe atá á mholadh d'fhonn a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí aeráide an Aontais, go bhfeabhsófar neodracht theicneolaíoch agus iomaíochas na hearnála mótarfheithiclí?*

2. *Cad iad do thuairimí maidir leis na solúbthachtaí atá á moladh chun cabhrú le monaróirí a spriocanna do 2030 agus 2035 a bhaint amach?*

PUBLIC